Gaelscoil Eiscir Riada

Meán Fómhair 2017

Príomhoide Damhnait

Fáilte go scoilbhliain 2017-18! Fáilte roimh na Naíonáin nua iontach, na páistí nua suas tríd na scoile agus Éanna, múinteoir R5 a d'fhill orainn i mbliana. Táimid ag súil le bliain gníomhach spraíúil foghlama!

Welcome to the 2017-18 school year! A special welcome to our new wonderful Junior Infants, to the new pupils who have joined other classes and welcome back to Éanna, múinteoir R5. We are looking forward to an active, fun year of learning!

Cruinnithe do Thuistí—*Parent information meetings*

Naíonáin Bheaga (Diane & Karen): 19/9/17 @ 13.30
Naíonáin Mhóra (Gill & Enya): 13/9/17 @ 13.30
Rang 1 (Katy & Nóra): 12/9/17 @ 14.30
Rang 2 (Lorcán & Jacinta): 6/9/17 @ 14.30
Rang 6 (Eamon & Daithí): 14/9/17

Meetings will last approx. 20 minutes. Your child will be supervised by other teachers during the meeting.

Sláinte & Sábháilteacht/ *Health & Safety*

* Bí aireach agus cúramach ag páirceáil/tiomáint in aice & taobh amuigh den scoil
* Lean rialacha bóthair
* Ná déan páirceáil ar an raon rothair riamh
* Féach sula n-osclaíonn tú doras an chairr
* Tá Pamela linn anois mar Mhaor Tráchta. Bí cinnte go dtrasnaíonn na páistí ag na soilse tráchta agus lean treoracha Pamela
* Siúl ar scoil- go háirithe ar an gCéadaoin!
* Má tá rothar/scútar srl ag páistí, níl cead iad a úsáid taobh istigh de gheataí na scoile
* Cuir i gcuimhne do na páistí go mbogann carranna na múinteoiri sa charrchlós agus fanacht ar na cosáin i gcónaí.
* Ní ghlacann an Bord Bainistíochta freagracht do pháistí go dtí 8.40 nuair a thagann siad isteach sa halla
* Tá cosc ar mhadraí sa chlós

* *Be aware and careful parking/ driving near the school*
* *Always follow the rules of the road*
* *Check before you open the car door*
* *Pamela has begun as Traffic Warden. Please ensure that your child crosses the road with Pamela and follows her instructions*
* *Walk to school- especially on Wednesdays!*
* *If your child travels to school by bicycle/scooter, they must dismount and walk from the school gates in*
* *Remind the children that the staff cars move and they must stay on the footpaths at all times*
* *The Board of Management are not responsible for the children until they come to the hall @ 8.40*
* *No dogs allowed in the yard*

Bí aireach! Tá mé i gcónaí timpeall ag lorg gruaig álainn ghlan!

Watch out! I am always on the lookout for yummy, clean hair!!

Bí in am!

Glaotar an rolla ag 9.50 gach lá. Muna bhfuil do pháiste istigh roimhe sin, beidh siad marcáilte as láthair don lá.

The official roll call is at 9.50am every day. If your child arrives later than this, they will be marked absent for that day (Department of Education & Skills Rules)

Déan coinne le Máire nó Georgina chun labhairt le múinteoir do pháiste le bhur dtoil!

Please make an appointment with the office if you would like to speak to your child's teacher

Má tá tú ag obair in INTEL, cuir an scoil ar an eolas ag oifig@gser.ie le bhur dtoil. Tá clár tacaíochta ag INTEL do scoileanna nuair a chabhraíonn tuisti ón gComhlacht leis an scoil. *If you work with INTEL please let the school know at oifig@gser.ie. INTEL supports schools when parents from INTEL help the school.*

Rang 6 ag garraíodóireacht!

Maith sibh!

Ná déan dearmad go bhfuil an Cód Iompair athbhreithnithe i bhfeidhm anois. Tá cóip den pholasaí arlíne agus beidh Ciara ag déanamh cur i láthair faoi ag Cruinniú Cinnbliana Choiste na dTuismitheoirí.

Don't forget that the revised Behaviour Code (which is up online) is now in effect. Ciara will be giving a presentation on it at the Parent's Association AGM.

Tinreamh & Poncúlacht/ *Attendance and punctuality*

Tá sé tábhachtach go bhfreastalaíonn na páistí ar scoil gach lá scoile, seachas nuair a bhíonn siad tinn. Má bhíonn siad as láthair, caithfear nóta a sheoladh chuig an múinteoir ag míniú cén fáth go raibh an páiste as láthair. Caithfear TUSLA a chuir ar an eolas má chailleann páiste 20 lá nó níos mó sa scoilbhliain. Nuair a bhíonn páistí déanach ar scoil, cailleann siad amach ar fhoghlaim agus am sóisialta. Má chailleann siad 10 nóim gach lá, sin 5 lá scoile i rith na bliana. Cinntigh go bhfuil do pháiste/í ar scoil in am gach lá!

It is important that your child is in school every school day except when he/she is sick. If your child is absent, please send in a note with the reason for the child's absence on it. We have to report any child that misses 20 days or more to TUSLA. When a child is late to school, they miss out on learning and socialisation. If they miss 10 mins every day, it amounts to more than 5 full school days in a year. Please ensure your child is on time every day!

Cur i gcuimhne! Má tá tú ag bailiú páistí ó chúl na scoile agus ranganna eile fós ag obair, bígí ciúin ag siúl thar na ranganna le bhur dtoil!

Reminder! If you are collecting a child/children from the back of the school while other classes are still working, please be as quiet as you can passing the classes in question!

SNÁMH (Swimming)

Téarma 1: **Rang 5** - 8, 15, 22, 29 Meán Fómhair, 6,13,20 Deireadh Fómhair;
Téarma 2: **Rang 4 -** 10, 17, 24 Samhain, 1,8,15 Nollaig, 19 Eanáir;
Téarma 3: **Rang 2 -** 26 Eanáir, 2, 9, 23 Feabhra, 2, 9, 16 Márta;
Téarma 4: **Rang 3** - 23 Márta, 13, 20, 27 Aibreán, 4, 18, 25 Bealtaine;

Tá traenáil peile do bhuachaillí agus do chailíní i ranganna 4, 5 agus 6 tosaithe agus beidh sé ar siúl gach Luan tar éis am scoile go dtí 3.30. Leanfaidh an traenáil ar aghaidh go dtí go gcríochnaíonn na comórtais. Beidh na cluichí ag tosú an tseachtain seo (12, 13 agus 14 Meán Fómhair). Seoladh nóta le sonraí na gcluichí abhaile cheana féin. Seolfar nóta nó teachtaireacht amach arís le hamantaí tosaithe na gcluichí ar fad.

Football training for boys and girls in 4th, 5th and 6th class has commenced and will continue every Monday after school until 3.30pm. Training will continue until the competitions are completed. The football matches will commence this week (12th, 13th and 14th September). A note with details of these games has already been sent home. Another note or message will be sent out again with the starting times for all games.

www.gser.ie

Coinnigh súil ar an suíomh greasáin scoile do nuacht scoile. Tá féilire, polasaithe agus eolas ginearálta faoin scoil air agus dar ndóigh lean sinn ar Twitter @GserScoil!

An bhfuil sibh sínithe suas leis an Aip scoile iClassCMS? Tá sé tábhachtach bheith sínithe suas chun eolas agus nuacht rialta a fháil ón scoil.

Keep a regular eye on our school website for school news. It contains, the calendar, policies and lots of general information about the school and of course, follow us on Twitter @GserScoil!

Have you signed up for the new school App iClassCMS? It is important to be signed up (for each of your children) to get regular news and information from the school. The App is taking the place of our texts. You will also be able to see events on it but the information on these events is on our website .

Tá an-áthas orainn go bhfuil an Bord Bainistíochta sásta íoc as traenáil i gcúrsa Discléicse leis an Dyslexia association d'alán dár múinteoirí. Beidh an-eolas go deo á roinnt sa scoil ina dhiaidh agus cabhróidh sé go mór linn cabhrú leis na páistí a bhíonn ag fulaingt le deacrachtaí léitheoireachta. Tá beirt mhúinteoir ag fáil traenáil i gcúrsa Lego do pháistí freisin. Cuirfidh sé leis an sár-obair a bhíonn ar siúl sa scoil.

We are delighted that the Board of Management are prepared to pay for many teachers in the school to do a training course with the Dyslexia Association. There will be great sharing of information in the school afterwards and it will help us all, help the children who struggle with reading difficulties. Two teachers are also going on a Lego training course too.

Caomhnú Leanaí/*Child Protection*

Is í Damhnait an Duine Idircaidrimh Ainmnithe (DIA) agus Ciara an leas DIA don scoilbhliain seo. Tá dualgas ar an scoil aon nochtadh eolais a bhaineann le páistí a insint do TUSLA.

Damhnait is the Designated Liason Person (DLP) and Ciara is the Deputy DLP for the 2017/18 school year in GSER. The school is obligated to report any disclosures pertaining to children to TUSLA.

Tá Larry amuigh faoi láthair agus guímid gach dea-ghuí air go dtí go dtagann sé ar ais. Fad is atá sé imithe, beidh Rob agus Denis ag cabhrú linn. Cuir fáilte rompu!

Larry is out at present and we send him our best wishes until he returns. While he is out, Rob and Denis will be covering for him. Please make them welcome!

Éadaí spóirt (*PE clothes to be worn on the following days*)

	Dé Luain *Monday*	Dé Máirt *Tuesday*	Dé Céadaoin *Wednesday*	Déardaoin *Thursday*	Dé hAoine *Friday*
Diane & Karen	√	√	√	√	√
Gill	√		√		√
Enya	√	√			√
Nóra & Katy	√		√		√
Jacinta & Lorcán	√	√			√
Clíona	√		√		√
Deirdre Ní F		√	√		√
Frank	√	√			√
Deirdre Ní Ch			√	√	√
Éanna	√			√	√
Aisling		√		√	√
Daithí		√	√	√	
Éamon	√			√	√

Bhí roinnt fadhbanna ag daoine dul i ngleic leis an gcóras nua íocaíocht arlíne, ach tá alán de na deacrachtaí sáraithe againn faoin am seo. Muna bhfuil táillí na bliana íoctha agat do na páistí, déan é asap le bhur dtoil.
There were a few teething problems with the new online payments but most of them have been resolved by now. Please ensure that your child's payments are completed asap. Phased payments can be made if there is financial pressure at home, just let the office know in confidence.

Beidh **Cruinniú Cinnbliana Coiste na dTuismitheoirí** ar siúl i halla na scoile ar an **10 Deireadh Fómhair @ 19.00.** Beidh Ciara ag déanamh cur i láthair ar an gCód Iompair athbhreithnithe agus mar sin tá sé tábhachtach go mbeadh ionadaí ó ghach clann i láthair. Beimid ag braith ar bhur gcuid tacaiocht chun an Cód a chuir i bhfeidhm go héifeachtach. Iarraimid oraibh bhur dtacaíocht a thaispeáint don obair iontach a dhéanann Coiste na dTuismitheoirí dúinn, daoibh agus do bhur bpáistí i rith na bliana trí bheith i láthair.
Coiste na dTuismitheoirí (Parent's assoc.) A.G.M. *will be held on* ***10 October @ 19.00*** *in the halla. Ciara will be giving a presentation on the revised Code of Behaviour and it is therefore important that a representative of each family is present. We will be relying on your full support to implement the Code of Behaviour. We ask that you support the AGM and Coiste na dTuismitheoirí to show your appreciation for all the hard and wonderful work they do during the year for you, for us, and for your children.*

Is Gaelscoil sinn. Tá Gaeilge lárnach d'éiteas na scoile agus is bua iontach í don scoil phobal uile. Labhair linn as Gaeilge agus na bí buartha faoi bhotúin! Tá sé iontach do na páistí sibh a chloisteáil ag déanamh an iarracht!
We are a Gaelscoil. Irish is central to our school ethos and it is a fantastic gift to the whole school community. Please use any Irish you have with us and with your children, especially within the school and school grounds. Don't worry about making mistakes! It is wonderful for our children to hear you making the effort! We expect the children to speak Irish once they are inside the school gates. Please support us in this. (Obviously the Naíonáin/ Junior Infants have a lot to learn yet!)

Is féidir linn!